


Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 11

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 11” ar CD an Dalta.

Ráiteas a fhiosrú: Má ghearrann trí líne chomhthreomhara mírlínte cothroma ar thraslíne éigin, ansin gearrann siad mírlínte cothroma ar aon traslíne eile.



1. Cad is brí le líne chomhthreomhar? Ainmnigh trí phéire línte comhthreomhara sa chomhad idirghníomhach?

2. Conas is féidir leat a rá go bhfuil na línte r, s agus t comhthreomhar sa chomhad idirghníomhach?

3. Cad is brí le traslíne? Ainmnigh dhá thraslíne sa chomhad idirghníomhach?

4. Cad iad fad $|AB|$ agus fad $|BC|$ sa chomhad idirghníomhach? An bhfuil an dá fhad sin cothrom lena chéile?

5. Cad iad fad $|DE|$ agus $|EF|$ sa chomhad idirghníomhach? An bhfuil siad sin cothrom lena chéile?


6. Bog an pointe A sa chomhad idirghníomhach, agus léigh fad $|AB|$ agus fad $|BC|$. Cén gaol atá idir fad $|AB|$ agus fad $|BC|$? Faigh fad $|DE|$ agus $|EF|$ ansin, gan aon pointe a bhogadh, agus féach an bhfuil gaol ar bith eatarthu. Déan an méid sin arís, i gcás trí shuíomh éagsúla. Taispeáin na ríomhaireachtaí.

7. An bhfeiceann tú patrún ar bith ag teacht chun cinn i gceist 6?


Má fheiceann, mínigh i do chuid focal féin é?

8. Bog pointí ar an gcomhad idirghníomhach, agus féach an féidir leat teacht ar chás ar bith nuair nach fíor an ráiteas “má ghearrann trí líne chomhthreomhara mírlínte cothroma ar thraslíne éigin, ansin gearrann siad mírlínte cothroma ar aon traslíne eile”. Mínigh.

9. Má tá a fhios agat go bhfuil na línte t , s agus r comhthreomhar, faigh fad $|DE|$. Míniú do fhreagra.




10. Má tá a fhios agat go bhfuil na línte t , s agus r comhthreomhar, faigh fad $|AB|$. Míniú do fhreagra.




Dúshlán

11. Ó tharla go bhfuil fad $|AF|$ cothrom le fad $|FE|$, cén fáth nach bhfuil na faid $|DF|$ agus $|FG|$ cothrom lena chéile?



12. Tógadh na tithe ar Chéide Bhaile an Locha ar lotaí, a leagadh amach mar atá sa léaráid. Cén t-éadan le huisce atá ag gach lota ar leith má tá éadan le huisce na gcúig lota le chéile cothrom le 135.6 méadar?



Lake Creek Drive = Céide Loch Uachtair
Lake = Loch Uachtair

© http://teacherweb.com/ID/Preston/Smith/gstnotes_ParLinesProParts.pdf